

Draft Donegal  
**CYCLE**  
Network



# 1. Réamhrá

Agus é ina chuid d'Oifig Deartha Rothaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair, d'iarr an tÚdarás ar AECOM pleananna rothaíochta cuimsitheacha a fhorbairt do chontaetha lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún na nGall. Is é is aidhm do CycleConnects gréasán rothaíochta cuimsitheach a chruthú do gach cineál rothaí ar fud gach contae in Éirinn agus cur leis an ngréasán rothaíochta atá beartaithe do na contaetha i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath.

Áireofar leis sin gréasáin rothaíochta atá ann cheana, amhail rotharbhealaí uirbeacha, glasbhealaí, agus bealaí turasoíreachta ar an mbóthar. Déanfaidh na rotharbhealaí beartaithe/na naisc rothaíochta bheartaithe atá leagtha amach sna pleananna forbartha agus iompair is déanaí, agus gréasáin eile a theastaíonn chun an gréasán a nascadh leis an oiread pobal agus is féidir, an Gréasán Rothaíochta Contae a fhorlíonadh. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach sonraíonn an gréasán seo aon chineálacha bonneagair ar aon bhealach agus go bhfuil sé mar aidhm leis aird a tharraingt ar na príomhnaisc a theastaíonn chun gréasán rothaíochta cuimsitheach a chruthú a nascann na mórphobail agus na mórchinn scríbe uile lena chéile.

Tabharfar achoimre ghearr sa nóta seo ar an ngréasán rothaíochta atá beartaithe do Dhún na nGall. Chun mionsonraí a fháil faoin modheolaíocht, faoin mbeartas náisiúnta agus faoi na hardaidhmeanna foriomlána do ghréasáin CycleConnects, féach an phríomhthuarascáil, a bhfuil an nóta teicniúil seo ina aguisín a ghabhann léi.

## 2. Daonra agus Lonnaíochtaí Dhún na nGall

Tá Contae Dhún na nGall lonnaithe sa phointe is faide ó thuaidh d'Éirinn, agus é i gcúige Uladh. Comhroinneann sé teorainn le Tuaisceart Éireann ar an taobh thoir agus le Contae Liatroma ar an taobh theas.

De réir figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh don bhliain 2016, cónaíonn 159,192 dhuine sa chontae. Léirítear i Tábla 2.1 thíos daonra na mbailte laistigh de Dhún na nGall ina gcónaíonn 1000 duine ar a laghad. Is iad Bun Cranncha agus Leitir Ceanainn na haon lonnaíochtaí amháin ina gcónaíonn 5,000 duine ar a laghad, agus daonra faoi bhun 5000 duine ag gach baile eile.

**Tábla 2.1: Lonnaíochtaí Daonra i nDún na nGall**

Cathair/Baile	Daonra (2016)
Leitir Ceanainn	19,274
Bun Cranncha	6,785
Bealach Féich – Srath an Urláir	4,852
Dún na nGall	2,618
Carn Domhnach	2,471
Béal Átha Seanaidh	2,299
Bun Dobhráin	1,963

Cathair/Baile	Daonra (2016)
Leifear	1,626
Conmhaigh	1,526
An Bun Beag – Doirí Beaga	1,491
Bun an Phobail	1,480
Ráth Mealtain	1,266
Na Cealla Beaga	1,236
Magh	1,226
An Clochán Liath	1,164
Ráth Bhoth	1,089
An Baile Nua	1,080

# 3. Beartais agus Pleananna atá ann cheana i nDún na nGall

## Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024

Is é Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall an príomhphlean reachtúil d'úsáid talún sa Chontae agus leagtar amach ann fíis straitéiseach d'fhás agus d'fhorbairt an Chontae amach anseo thar na 6 bliana de shaolré an Phlean (go 2024) agus ina dhiaidh sin go ceann 20 bliain (go 2038). Féachtar leis an gcreat straitéiseach spásbhunaithe seo bainistíocht agus comhordú a dhéanamh ar athrú ar úsáid talún sa Chontae agus tugtar léargas soiléir ar an am atá romhainn ó thaobh na forbartha chomh maith le tosaíochtaí soiléire a thabhairt le treallús a chur faoi fhás.

Tá comhpháirtíochtaí seanbhunaithe laistigh de chomhthéacs níos leithne an réigiúin a bhfuil tuilleadh forbartha le déanamh orthu ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do chur chuige comhordaithe le tosaíochtaí réigiúnacha atá ríthábhachtach a sheachadadh chun éascú a dhéanamh ar thosaíochtaí Chontae Dhún na nGall. Nuair a thógtar san áireamh éagsúlacht agus méid geografach Chontae Dhún na nGall, tá leas á bhaint as deiseanna ar mhaithe le comhoibriú réigiúnach ar fud theorainneacha an chontae.

Tá an ceantar seo aitheanta mar Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt agus tá comhpháirtíocht rialtais áitiúil bainte amach ag an Tionscnamh idir DCC agus DCSDC a bhfuil an dá údarás áitiúla ag tacú leis, agus a bhfuil an dá rialtas náisiúnta faoi seach ag tacú leis freisin.

Tá sé mar aidhm ag an gComhpháirtíocht oibriú i gcomhar le chéile le hathghiniúint agus rathúnas eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta a chur chun cinn i Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt ag díriú ar thrí phléar: forbairt eacnamaíochta; forbairt fhisiciúil; agus pleanáil pobail agus shóisialta.

Féachtar i gCaibidil 5 den Phlean Forbartha ar an mbonneagar agus ar an iompar. Tuigean Comhairle Contae Dhún na nGall gur gné ríthábhachtach é gréasán iompair inbhuanaithe ardcháilíochta i bhforbairt agus fás a chur chun cinn ar fud gach réimse forbartha eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta. Tá gréasán iompair thar a bheith bunúsach in infheistíocht a mhealladh, tionscal na turasóireachta a fhorbairt, aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus i gcruthú áiteanna agus pobal inbhuanaithe.

Is le bonneagar rothaíochta a sholáthar agus a fhorbairt a bhaineann na cuspóirí agus na beartais seo a leanas atá liostaithe faoi na ceannteidil seo a leanas laistigh den Phlean.

### Bóthar:

**T-O-13:** Tacú le forbairt siúlbealaí nua, bealaí siúlóide, rianta, glasbhealaí agus rotharbhealaí a bhaineann an oiread leasa agus is féidir as gréasán siúlóide agus rothaíochta áitiúla, réigiúnacha agus uile-oileánda.

**T-P-3:** Is beartas de chuid na Comhairle é oibriú i gcomhar le húdaráis Thuaisceart Éireann chun naisc iompair thrasteorann (lena n-áirítear siúlbealaí agus rotharbhealaí) atá ann cheana a láidriú agus a fheabhsú agus tacú le forbairt nasc nua (lena n-áirítear siúlbealaí agus rotharbhealaí) chun forbairt eacnamaíochta agus spásúil spriocdhírthe Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt a chumasú.

**T-P-11:** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt chuif a éascú ar réitigh iompair ilmhodha inacmhainne a thairgeann fíor-roghanna iompair do phobail agus do na glúnta atá le teacht

mar pháirceáil agus taisteal; coisithe agus rothaíocht; seirbhísí bus agus tacsáí; agus bonneagar coimhdeach.

**T-P-14:** Is beartas de chuid na Comhairle é a éileamh go gcuirfí lánaí rothaíochta, seastáin agus saoráidí coimhdeacha leordhóthanacha ar fáil i dtograí forbartha cuí, ag féachaint do na caighdeáin atá leagtha amach in Aguisín 3: Caighdeáin Theicniúla agus Forbartha.

### **Siúl agus Rothaíocht:**

Is iad an siúl agus an rothaíocht na cineálacha iompair is inbhuanaithe agus is príomhchodanna iad de ghluaiseacht agus d'infrochtaineacht i gceantair uirbeacha agus idiruirbeacha. Téann an siúl agus an rothaíocht chun leasa na timpeallachta agus an daonra trí thruailliú, torann agus brú tráchta a laghdú, agus cuireann siad le stíl mhaireachtála atá sláintiúil agus níos gníomhaí.

**T-P-31:** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go gcosnaíonn tograí forbartha bealach nascachtaí ionchasacha (mar pháirceanna líneacha, bóithre, cosáin, rianta, glasbhealaí agus rotharbhealaí) tríd an láithreán is ábhar do thogra nuair a mheasann an t-údarás pleanála go bhfuil deis straitéiseach ann nascacht a chur ar fáil go dtí nó idir ceantair atá buailte lena chéile.

**T-P-33:** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go gcuireann tograí forbartha ar mhórsála bonneagar siúil agus rothaíochta ar fáil.

**T-P-35:** Is beartas de chuid na Comhairle é bealaí rothaíochta agus siúil fadraoin agus glasbhealaí comhtháite do chaitheamh aimsire a spreagadh agus iad mar mhalairt ar an gcarr, go háirithe i gceantair thuaithe, idir lonnaíochtaí. Cuirfear áiseanna páirceála leordhóthanacha ar fáil don charr, nuair is gá, i gcomhar le haon fhorbairtí dá leithéid.

**T-P-36:** Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le cothabháil, feabhsú agus leathnú an Ghréasáin Náisiúnta Raonta Rothar.

### **Turasóireacht:**

Is difreálaí ionchasach don Chontae í an earnáil turasóireachta agus tá dul chun cinn suntasach déanta agus tús á chur le baint amach iomlán na ndeiseanna san earnáil don gheilleagar. A bhfuil leis an rath atá ar thionscnamh turasóireachta Shlí an Atlantaigh Fhiáin, chonaic an Chomhairle an acmhainneacht atá ann táirgí agus eispéiris turasóireachta a fhorbairt tuilleadh.

Anuas ar na táirgí agus na tarraingtí a luadh thuas, aithníonn an Chomhairle ionchas ollmhór seanlínite traenach Dhún na nGall agus naisc ionchasacha eile chun feidhmiú mar Ghlasbhealaí do thurasóireacht siúil agus rothaíochta. Leanfaidh an Chomhairle, mar sin, ag cosaint bealaí glasbhealaí dá leithéid trí bheartais an phlean seo agus oibreoidh sí go gníomhach leis na páirtithe leasmhara go léir chun forbairt Glasbhealaí agus bealaí siúil agus rothaíochta a éascú ar fud an Chontae. Sainaitnítear i Tábla 3.1 thíos forbairtí féideartha Glasbhealaí mar a leanas:

**Tábla 3.1: Glasbhealaí atá Beartaithe**

1	Bun Cranncha – Doire
2	Doire – Magh
3	Bealach Féich – Baile Dhún na nGall
4	Bealach Féich – Na Gleannta
5	An Réalta Thuaidh – An Áirse Thirim
6	Eileastran – Cill Mhic Réanáin
7	Carraig Airt – Na Dúnaibh
8	Bun Cranncha – Carn Domhnach
9	Carn Domhnach – Cionn Mhálanna
10	Carn Domhnach – Bun an Phobail
11	Bun an Phobail – An Caisleán Nua
12	Bun an Phobail – Magh
13	An Carraigín – Leifear
14	An Clochán Liath – Na Gleannta
15	Leitir Ceanainn – Ailt an Chorráin
16	Béal Átha Seanaidh – Béal Leice
17	Baile Dhún na nGall – Na Cealla Beaga
18	Baile Dhún na nGall – Bun Dobhráin
19	Leifear – Leitir Ceanainn
20	Leifear – Bealach Féich
21	An Fál Carrach – An Bun Beag

Baineann na cuspóirí agus na beartais turasóireachta seo a leanas le bonneagar rothaíochta a sholáthar agus a fhorbairt:

- **TOU-O-9:** Tacú le forbairt Glasbhealaí, siúlbealaí agus rotharbhealaí nua agus atá ann cheana agus a bhfeidhmiúlacht a chosaint mar phríomh-chomhábhar de bhonneagar foriomlán turasóireachta glaise agus mar tháirgí turasóireachta neamhspleácha astu féin.
- **TOU-P-9:** Is beartas de chuid na Comhairle é:
  - Tailte atá críosaithe mar Thaitneamhacht/Spás Glas/Spás Oscailte i gcreataí lonnaíochta/ceantair uirbeacha a choinneáil go heisiach d'úsáid taitneamhachta/fóillíochta phoiblí.

- Conair ‘Glasbhealaí’, siúlbealaí agus rotharbhealaí a chosaint, lena n-áirítear iad siúd a aithníodh sa Phlean seo, agus a bhforbairt a éascú go dearfach, agus gan aon forbairt a cheadú a chuirfeadh bac ar a gcruthú.
- Méid, cáilíocht, suíomh amhairc agus feidhmiúlacht ‘Glasbhealaí’, siúlbealaí agus rotharbhealaí atá ann faoi láthair, lena n-áirítear iad seo a aithníodh sa Phlean seo, a chosaint.

## Tionscadal Ghréasán Glasbhealaí an Iarthuaiscirt

Agus cistiú meaitseála á sholáthar ag an Roinn Bonneagair (Tuaisceart Éireann) agus ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in Éirinn, dámhadh cistiú €14.8 milliún do Chomhairle Ceantair Dhoire agus an tSratha Báin, do Chomhairle Contae Dhún na nGall, don Roinn Bonneagair agus do Sustrans (ar carthanas rothaíochta agus siúil atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe é) sa bhliain 2016 chun 46.5 km de ghlásbhealach trasteorann a thógáil.

Tá príomhfhís agus príomhchuspóirí an tionscadail mar a leanas:

*Gréasán glásbhealaí trasteorann a fhorbairt a nascfaidh daoine le háiteanna ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta – agus folláine shóisialta, gheilleagrach agus comhshaoil á soláthar do chách;*

- 46.5 km de bhealaí glásbhealaigh agus rothaíochta/siúil a thógáil
- 500 duine ar a laghad a spreagadh rothaíocht a dhéanamh nó siúl chuig an scoil, chuig an obair nó chuig an gcoláiste faoin mbliain 2022
- Na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a théann isteach inár n-atmaisféar a laghdú faoi bhreis agus 300 tona carbóin in aghaidh na bliana faoin mbliain 2023
- Tuilleadh daoine a spreagadh siúl agus rothaíocht a dhéanamh mar chuid dá ngnáthamh laethúil
- Infheistiú sa mhórbhonneagar geilleagrach agus sóisialta i Réigiún an Iarthuaiscirt

Maidir leis na bealaí atá beartaithe, nascann siad Doire le Bun Cranncha trí Cheann an Droichid, nascann siad Magh le Doire tríd an gCúil Mhór, agus nascann siad Leifear leis an Srath Bán. Is é an toradh a bheidh ar an tionscadal ná go soláthrófar gréasán glásbhealaí a bheidh thart ar 126.5 km ar fad san Iarthuaisceart, rud dá mbeidh 76.5 km aicmithe mar ghlásbhealach ar ardchaighdeán.

## Pleananna Áitiúla Iompair Amach Anseo

Ceanglaítear ar Chomhairle Contae Dhún na nGall Pleananna Áitiúla Iompair a fhorbairt mar chuid dá próiseas um Pleananna Forbartha. Cé gur cruthaíodh an gréasán rothaíochta atá leagtha amach sa phlean seo chun socruithe reatha iompair a léiriú, is féidir go ndéanfar athruithe air bunaithe ar anailís níos mine agus ar mholtaí a fhorbrófar mar chuid den próiseas um Pleananna Áitiúla Iompair.

## 4. An Gréasán Rothaíochta atá Beartaithe do Dhún na nGall

### Réamhrá

Bunaithe ar athbhreithniú ar na sonraí agus na beartais atá ann cheana agus ar cheardlanna a seoladh le Comhairle Contae Dhún na nGall chun an dréachtghréasán rothaíochta a athbhreithniú, tá achoimre déanta thíos ar an modheolaíocht agus ar an ngréasán rothaíochta atá beartaithe a fhorbairt do Dhún na nGall. Tá mionsonraí iomlána faoin dóigh ar forbraíodh na gréasáin uile de chuid CycleConnects ar fáil ar shuíomh Gréasáin Comhairliúcháin an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Sular forbraíodh an Gréasán Contae do Dhún na nGall, bunaíodh samhail córais faisnéise geografai (GIS) don chontae. Léarscáillíodh leis an tsamhail sin an fhaisnéis ar fad a bhí ar fáil cheana don chontae. Fuarthas an fhaisnéis sin ó chomhlachtaí éagsúla, lena n-áiríodh an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an Roinn Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, an Roinn Oideachais agus Comhairle Contae Dhún na nGall. Áirítear iad seo a leanas leis na sonraí a bailíodh:


- Láithreacha mórdhlúis fostaíochta agus post
- An bonneagar rothaíochta agus na rotharbhealaí atá ann cheana
- Na stadanna bus, na línte iarnróid agus na modhanna eile iompair phoiblí atá ann cheana
- Láthair scoileanna agus ionad oideachais
- Ionaid siopadóireachta, ospidéal agus cinn scríbe eile a d'fhéadfadh rothaithe a mhealladh

Trí na sonraí sin a bhailiú, cabhraíodh le rotharbhealaí a roghnú i nDún na nGall a bheadh ar fáil don oiread daoine agus is féidir. Cumasaíodh dúinn freastal ar phríomhchinn scríbe laistigh de Chontae Dhún na nGall freisin.

### Modheolaíocht

Tar éis na sonraí atá ann cheana a bhailiú, forbraíodh an plean gréasáin rothaíochta do Dhún na nGall. Tá sé sin bunaithe ar chóras trí chiseal atá leagtha amach i bhFíor 4.1 thíos.





#### Fíor 4.1: An Mhodheolaíocht um Ghréasán Rothaíochta a Fhorbairt

**Lárionaid Daonra:** Beidh sé mar aidhm le Gréasán CycleConnects Dhún na nGall bailte agus sráidbhailte a nascadh lena chéile mar chuid de ghréasán lán-nasctha. Léarscáilíodh na bailte uile, mar sin, agus na mórbhailte amhail Leitir Ceanainn agus Bun Cranncha á dtabhairt faoi deara. Trí na bailte agus na sráidbhailte uile a léarscáiliú, tháinig próifíl chun cinn maidir le cén áit a raibh formhór na ndaoine i nDún na nGall lonnaithe agus cén áit ar cheart rotharbhealaí féideartha a sholáthar. Tagraíodh do shonraí lonnaithe ón bPríomh-Oifig Staidrimh freisin chun a shuí cén áit a raibh daoine lonnaithe laistigh den chontae.

**Bealaí a Roghnú:** Tar éis na limistéir dhaonra a shuí, breithníodh bealaí féideartha atá suite feadh conairí straitéiseacha. D'fhág sé sin go rabhtas in ann pobail éagsúla a nascadh lena chéile feadh bealaí idiruirbeacha aonair. Nuair ab fhéidir, lonnaithe na bealaí sin laistigh de Chonairí Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta Bhonneagar Iompair Éireann freisin. Ar an tslí sin, bhíodh in ann gréasán rothaíochta comhtháite a fhorbairt laistigh den chontae agus a chinntiú nach bhforbrófaí an iomarca rotharbhealaí comhthreomhara.

**Rotharbhealaí a Aicmiú:** Is achoimrithe thíos i dTábla 4.1 atá na haicmiúcháin bealaí do gach bealach. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach léiríonn na haicmiúcháin nasc sin an riocht atá ann cheana ar bhóithre don rothaíocht. Ina ionad sin, úsáidtear iad chun aird a tharraingt ar an acmhainneacht atá acu freastal ar aicmiúcháin bealaí éagsúla. Mar shampla, cé gurb ann do chuid mhór bealaí idiruirbeacha nach bhfuil aon bhonneagar rothaíochta orthu faoi láthair, féachfar le spriocdhíriú ar na bealaí sin lena n-uasghrádú go cuí thar an gcéad deich mbliana eile.

Tábla 4.1: Bealaí CycleConnects a Aicmiú:

Cathair/Baile	Dath	Tuairisc
Príomhúil Uirbeach		Is ionann é seo agus rotharbhealach ar ardchaighdeán ar féidir leis freastal ar an ardíon rothaithe a fheictear de ghnáth i bhformhór na limistéir uirbeach. Féachfar le bealaí den sórt seo a shuí ar mhór-mhianlíní i lár bailte. Beidh siad ina rotharbhealaí sainiúla gathacha agus ina gcuar-rotharbhealaí sainiúla sna mórbhailte agus sna mórchathracha. Ba cheart do na bealaí príomhúla seo a bheith ina gcuid de ghréasán comhtháite nasctha atá

		lonnaithe laistigh de limistéar uirbeach agus atá so-úsáidte ag na cineálacha difriúla rothaithe freisin
Tánaisteach Uirbeach		Is ionann é seo agus rotharbhealach den dara ciseal atá lonnaithe i mórlimistéir uirbeacha agus atá ceaptha chun nascadh leis an ngréasán príomhúil uirbeach ar mhaithe le tuilleadh dlúis bealaigh agus tuilleadh roghanna bealaigh a chur leis an ngréasán. I bhformhór na gcásanna, is trí limistéir chónaithe agus trí limistéir scoile agus fostaíochta a rachaidh bealaí den sórt seo
Idiruirbeach		Is ionann é seo agus rotharbhealach ar an mbóthar atá ceaptha chun gach príomhlonnaíocht agus gach príomhcheann scríbe lasmuigh de limistéir uirbeacha a nascadh, laistigh den chontae agus i gcontaetha cóngaracha araon. D'fhéadfaí bealaí den sórt seo a úsáid chun bealaí easbhóthair/leithscartha a sholáthar tráth níos déanaí i gcomhthreo leis an mbóthar atá ann cheana.
Glasbhealach		Is ionann é seo agus rotharbhealach easbhóthair nach bhfuil aon trácht cóngarach aige den chuid is mó. I bhformhór na gcásanna, tá bealaí den sórt seo lonnaithe ar sheanbhóithre iarainn nó ar ghormbhealaí atá beartaithe/atá ann cheana (bealaí atá lonnaithe feadh aibhneacha, lochanna agus canálacha), áit a gcomhroinneann rothaithe an bealach le coisithe.

## An Gréasán Contae atá Beartaithe do Dhún na nGall

Bunaithe ar an modheolaíocht atá leagtha amach thuas, leagadh Gréasán CycleConnects Dhún na nGall amach i sraith léarscáileanna atá léirithe i Tábla 4.2 thíos. Is féidir amharc ar na léarscáileanna sin mar chomhad PDF aonair freisin trí Chontae Dhún na nGall a roghnú ar leathanach comhairliúcháin an Údaráis Náisiúnta Iompair.

**Tábla 4.2: Gréasán CycleConnects Dhún na nGall – Liosta Léarscáileanna**

Liosta Léarscáileanna Rothaíochta
Gréasán Rothaíochta Contae Dhún na nGall
Gréasán Rothaíochta Uirbeach Leitir Ceanainn
Gréasán Rothaíochta Uirbeach Bhun Cranncha

## Naisc Idiruirbeacha a Fhorbairt

Rinneadh na príomhbhailte ar mó a ndaonra ná 1000 duine a nascadh lena chéile trí naisc idiruirbeacha. Nuair ab fhéidir, cuireadh na bailte is lú daonra atá lonnaithe feadh an bhealaigh ar áireamh sna bealaí. Tagraíodh don bhealach Eurovelo is déanaí freisin nuair a bhí na bealaí idiruirbeacha idir na príomhbhailte agus na príomhlonnaíochtaí á roghnú. Rinneadh naisc le mórbhailte trasteorann freisin ar mhaithe le gréasán rothaíochta níos cuimsithí a fhorbairt agus

ar mhaithe leis na cuspóirí atá leagtha amach mar chuid den tionscnamh ‘oileáin chomhroinnte’ a chomhlíonadh. Ní eile a cuireadh san áireamh agus bealaí idiruibeacha á roghnú ba ea cé acu atá nó nach bhfuil scoileanna/faichí spóirt lonnaithe ar bhealaí comhthreomhara éagsúla.

Le linn an gréasán idiruibeach a fhorbairt, úsáideadh uirlis pleanála taistil Google chun cabhrú leis an mbealach is cuí idir na lonnaithe éagsúla a roghnú. Áiríodh leis sin bealaí ar leith nó bealaí a bhfuil grádáin iomarcacha orthu a sheachaint. I gcásanna áirithe, ní raibh bealach sách comhréidh ar fáil lena roghnú. I gcásanna den sórt sin, roghnaíodh an bealach is comhréidhe a bhí ar fáil. Mar sin féin, rinneadh roinnt bealaí a mhionathrú beagáinín chun go nascfadh siad le bailte/sráidbhailte cóngaracha nó le príomhchinn scríbe chongaracha amhail scoileanna, páirceanna spóirt nó nithe is díol spéise do thurasóirí.

Úsáideadh Conairí Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta Bhonneagar Iompair Éireann agus Gréasán Rothaíochta Thuaisceart Éireann chun forluí ar chonairí freisin. Áirítear leo sin conairí agus bealaí a théann isteach i gcontaetha Dhoire, Fhear Manach, Liatroma agus Shligigh.

## Bealaí Glasbhealaigh a Chomhtháthú lena Chéile

Tá roinnt glasbhealaí ar áireamh sa Léarscáil de Ghréasán CycleConnects. Is ann do roinnt glasbhealaí idiruibeacha atá pleanáilte ar fud Chontae Dhún na nGall. Tá cuid mhór díobh sin leagtha amach i bPlean Gréasán Glasbhealaí an Iarthuaiscirt.

Ní eol go fóill na bealaí deiridh do na glasbhealaí sin. Mar sin, is bealaí tascacha iad na bealaí atá léirithe ar na léarscáileanna ábhartha agus is féidir go n-athrófar iad nuair a bheidh na bealaí tugtha chun críche.

### Gréasán Glasbhealaí an Iarthuaiscirt

Tá Gréasán Glasbhealaí an Iarthuaiscirt ina chomhthionscadal idir Comhairle Ceantair Dhoire agus an tSraitha Bán, Comhairle Contae Dhún na nGall, an Roinn Bonneagair (Tuaisceart Éireann) agus Sustrans. Mhol siad roinnt bealaí glasbhealaigh agus cuireadh iad sin ar áireamh i nGréasán CycleConnects. Tá cuid mhór de na bealaí do na glasbhealaí sin fós le deimhniú.

- Cuimsíonn Glasbhealach Inis Eoghain na glasbhealaí beartaithe seo a leanas
  - An Glasbhealach ó Bhun Cranncha go Carn Domhnach
  - An Glasbhealach ó Dhoire go Bun Cranncha
  - An Glasbhealach ó Charn Domhnach go Bun an Phobail
  - An Glasbhealach ó Bhun an Phobail go Magh
- An Glasbhealach ó Leitir Ceanainn go dtí an Srath Bán

### Bealaí Glasbhealaigh Breise

Tá glasbhealaí breise beartaithe freisin mar chuid de Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall. Ós rud é go bhfuil cuid mhór de na glasbhealaí sin ag céim na hindéantachta faoi láthair, is bealaí tascacha iad na bealaí atá léirithe ar na léarscáileanna ábhartha. Áirítear leo sin:

- An Glasbhealach ó na Gleannta go dtí an Clochán Liath, rud atá le soláthar mar chuid den athailíniú beartaithe ar an N56
- An Glasbhealach ó na Gleannta go Bealach Féich
- An Glasbhealach ó Leitir Ceanainn go hAilt an Chorráin
- An Glasbhealach ó Ghleann Cholm Cille go dtí an Clochán Liath

- An Glasbhealach ó Ghleann Cholm Cille go Dún na nGall
- An Glasbhealach ó Dhún na nGall go Bun Dobhráin
- An Glasbhealach ó Bhéal Átha Seanaidh go Béal Leice.

## Gréasáin Uirbeacha a Fhorbairt: Leitir Ceanainn

Agus breis agus 5000 duine ina gcónaí sa bhaile, forbraíodh gréasán rothaíochta uirbeach do Leitir Ceanainn. Tá an gréasán comhdhéanta go príomha de bhealaí príomhúla. Forlíonann roinnt bealaí tánaisteacha é freisin, rud a éascaíonn tuilleadh nascachta sa bhaile. Áirítear leis an ngréasán rothaíochta do Leitir Ceanainn freisin roinnt glasbhealaí uirbeacha ar an gcuid thoir theas den bhaile.

Téann cuarbhealach mór timpeall ar an mbaile. Téann roinnt bealaí príomhúla agus tánaisteacha eile trasna ar an gcuarbhealach sin. Tosaíonn an cuarbhealach sa chuid thuaidh den bhaile ag acomhal an N56 ar Bhóthar na Páirce Gnó agus ar Bhóthar Chill Mhic Réanáin. Leanann sé ar aghaidh feadh an N56 ar Bhóthar na Páirce Gnó, ar an mBóthar Láir agus ar Bhóthar Ráth Mealtain. Taistealaíonn sé feadh Neil T Blaney Road ansin. Ag Timpeallán Forte, casann sé isteach ar Paddy Harte Road agus ansin isteach ar Larkins View. Taistealaíonn an bealach feadh na Príomhshráide Íochtaráí ar feadh tamaillín sula leanann sé ar aghaidh ó thuaidh feadh Convent Road, College Road agus Bhóthar Ghleann Chartha. Taistealaíonn an rotharbhealach soir ansin feadh Bhóthar Ghleann Chartha agus Circular Road suas go dtí an t-acomhal le Bóthar Chill Mhic Réanáin. Taistealaíonn sé ó thuaidh feadh Bhóthar Chill Mhic Réanáin agus ceanglaíonn sé le túsphointe an chuarbhealaigh lasmuigh de Pháirc Oifigí Leitir Ceanainn.

Téann roinnt bealaí príomhúla uirbeacha trasna ar an gcuarbhealach, rud a sholáthraíonn naisc trí lár an bhaile.

- Tá bealach ann a ritheann ó dheas feadh Bhóthar Chill Mhic Réanáin ón acomhal le Circular Road. Leanann sé ar aghaidh go High Road suas go dtí an t-acomhal leis an bPríomhshráid Uachtarach, áit a gceanglaíonn sé isteach i mbealach idiruirbeach eile.
- Tá bealach ann a ritheann siar ó dheas ó Bhóthar Chill Tuaidh feadh Bhóthar Ghort Lao, Bhóthar Ráth Mealtain agus Port Road. Leanann sé ar aghaidh go dtí an Phríomhshráid Uachtarach agus Íochtarach, áit a bhforluíonn sé ar an gcuarbhealach ar feadh tamaillín. Taistealaíonn sé feadh Shráid Bhaile Mhic Comhghaill agus críochnaíonn sé ansin ag Timpeallán Bhaile Mhic Comhghaill lasmuigh de chlub CLG Naomh Adhamhnáin.
- Tá bealach ann a ritheann ó Thimpeallán Polestar feadh Port Road. Ag Timpeallán an Stáisiúin, casann sé soir ó dheas agus taistealaíonn sé feadh Bhóthar an Phiarsaigh go dtí an timpeallán le Bóthar an tSeanbhaile, áit a gcríochnaíonn sé.
- Tá bealach ann a thosaíonn sa chuid thoir thuaidh den bhaile ag an acomhal idir Bóthar Ghleann Chartha, Cluain Ard agus Long Lane. Taistealaíonn sé ó dheas feadh Bhóthar Ghleann Chartha agus forluíonn sé ar an gcuarbhealach ar feadh tamaillín feadh Circular Road. Ag Timpeallán an Ospidéal, taistealaíonn sé feadh Bhóthar de Valera agus ar aghaidh go Bóthar Ráth Mealtain agus go Bóthar Bhaile Raithin. Críochnaíonn an bealach ag an acomhal idir Bóthar Ráth Mealtain agus an N56.

Freastalaíonn na bealaí príomhúla sin ar roinnt príomhláithreacha, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Lár Baile Leitir Ceanainn

- Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn
- Scoil Náisiúnta Bhaile Raithin
- Coláiste an Earagail
- Scoil Speisialta na nAingeal Beag
- Scoil Cholmcille
- Scoil Mhuire gan Smál
- Gaelscoil Adhamhnáin
- Meánscoil Loreto
- Páirc Baile Dhún na nGall
- Páirc Gnó agus Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
- Páirc Oifigí Leitir Ceanainn
- Scoil Náisiúnta Oideachas Le Chéile, Leitir Ceanainn
- Eastát Tionscail Bhaile Raithin
- Club CLG Naomh Adhamhnáin
- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh – Campas Leitir Ceanainn, Dún na nGall
- Coláiste Pobail Leitir Ceanainn
- Páirc Baile Bernard McGlinchey
- Ospidéal Naomh Conaill

## Gréasáin Uirbeacha a Fhorbairt: Bun Cranncha

Agus breis agus 5000 duine ina gcónaí sa bhaile, forbraíodh gréasán rothaíochta uirbeach do Bhun Cranncha. Tá an gréasán comhdhéanta go príomha de bhealaí príomhúla. Forlíonann roinnt bealaí tánaisteacha é freisin, rud a éascaíonn tuilleadh nascachta sa bhaile.

Ritheann bealaí príomhúla ó thuaidh ó dheas agus soir siar araon. Áirítear leo sin:

- Bealach a thosaíonn sa chuid theas den bhaile ag an timpeallán ar an R238 ar Bhóthar Dhoire agus ar an Seanbhóthar. Leanann sé ar aghaidh ó thuaidh feadh Bhóthar Dhoire agus Saint Oran's Road. Taistealaíonn an bealach ó thuaidh feadh Saint Mary's Road. Toisc go bhfuil córas aontreo i bhfeidhm, taistealaíonn an bealach ó dheas feadh na Príomhshráide. Ag an gceann thuaidh de Saint Mary's Road, leanann sé ar aghaidh feadh an R238 ar Cockhill Road go dtí an t-acomhal le Crana View, áit a gcríochnaíonn sé.
- Tá bealach eile ann a thosaíonn ag an timpeallán ar an R238 ar Bhóthar Dhoire agus ar an Seanbhóthar. Leanann sé ar aghaidh ó thuaidh feadh an tSeanbhóthair agus MacCarter's Road. Ag an acomhal le Hillhead Road, taistealaíonn sé soir ar feadh tamaillín sula leanann sé ar aghaidh ó thuaidh feadh Marian Park agus Chluain Mhuire. Taistealaíonn an bealach feadh na Páirce Móire go dtí an t-acomhal le Causeway Road, áit a bhfuil sé le ceangal isteach sa Ghlasbhealach atá beartaithe ó Bhun Cranncha go Carn Domhnach.
- Tá bealach ann a ritheann soir siar feadh Hillhead Road idir Ard Rámhann agus an R238.
- Tá bealach ann a ritheann soir ó dheas feadh Causeway Road ó acomhal an R238 ar Cockhill Road agus ar Causeway Road. Leanann sé ar aghaidh feadh Lisowen

Court agus Ard Rámhann go dtí an t-acomhal le Hillhead Road, áit a gcríochnaíonn sé. Ceanglaíonn sé isteach i mbealach idiruirbeach ansin.

- Tá bealach ann freisin a ritheann soir siar feadh Ferris Lane idir Lisowen Court agus an R238.
- Tá bealach ann a ritheann feadh Bhóthar Bhaile an Mhuilinn agus Pháirc an Mhuilinn. Tosaíonn sé ag an acomhal idir Bóthar Bhaile an Mhuilinn agus Hillhead Road sula leanann sé ar aghaidh siar ó dheas. Téann sé ar aghaidh go dtí an t-acomhal leis an Seanbhóthar, áit a nascann sé leis an mbealach príomhúil.

Freastalaíonn an gréasán príomhúil ar roinnt príomhcheann scríbe, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Lár Baile Bhun Cranncha
- Nasc Farantóireachta Loch Súilí
- Gaelscoil Bhun Cranncha
- Coláiste Chineál Eoghain
- Coláiste na Cranncha
- Scoil Náisiúnta Bhun Cranncha
- Scoil Íosagáin
- Maginn Park
- Club CLG Bhun Cranncha
- Scoil Mhuire, Bun Cranncha
- Ospidéal Pobail Bhun Cranncha
- Ionad Leighis Bhun Cranncha

Tá roinnt bealaí príomhúla agus tánaisteacha beartaithe freisin chun gníomhú mar idirnaisc leis na cuarbhealaí agus na bealaí gathacha, mar aon le freastal ar láithreacha nach bhfuil lonnaithe ar na cuarbhealaí ná na bealaí gathacha atá luaite cheana féin.

## 5. Na Chéad Chéimeanna Eile

Agus é ina chuid d'Oifig Deartha Rothaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair, d'iarr an tÚdarás ar AECOM rotharbhealaí cuimsitheacha a fhorbairt do Chontae Dhún na nGall agus do bhailte Leitir Ceanainn agus Bhun Cranncha.

Tá an dearadh gréasáin do Dhún na nGall ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí anois. Cumasóidh sé sin do dhaoine den phobal aiseolas a chur isteach ina leith. Is féidir amharc ar léarscáileanna aonair ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Náisiúnta Iompair, agus tá siad ar fáil trí na naisc thíos:

**Tábla 5.1: Gréasán CycleConnects Dhún na nGall – Liosta Léarscáileanna**

Liosta Léarscáileanna Rothaíochta			
Gréasán Rothaíochta Contae Dhún na nGall			
Gréasán Ceanainn	Rothaíochta	Uirbeach	Leitir
Gréasán Cranncha	Rothaíochta	Uirbeach	Bhun

Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí, déanfar athbhreithniú ar na haighneachtaí agus nuashonrófar na léarscáileanna den ghréasán, de réir mar is gá.